# Coláiste Ailigh

Cnoc na Móna
Leitir Ceanainn
Tír Chonaill

Uimhir Rolla 7608IF

## Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile

**Tréimhse na Tuairisce:** *Meán Fómhair 2023 – Bealtaine 2024*

**Dáta eisiúna na tuairisce:** 31 Bealtaine 2024

*An English Language summary is provided at the end of this document*

# Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile

## 1. Réamhrá

### 1.1 Fócas na meastóireachta

In 2023, mar chuid den phróiseas féinmheastóireachta, chuir foireann Choláiste Ailigh plean feabhsúcháin scoile (PFS) le chéile, plean a raibh trí sprioc aige: a) cur leis na straitéisí difreála atá in úsáid sa scoil chun cuidiú le daltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu, b) tógáil ar na gníomhartha a cuireadh i bhfeidhm in 2022-2023 chun labhairt na Gaeilge a láidriú i measc na ndaltaí agus na múinteoirí, agus c) go n-úsáidfidh gach dalta sa scoil na cláir bhunúsacha *G-Suite* agus go mbeidh gléas scoile ar fáil dóibh leis sin a dhéanamh. Bailíodh aiseolas ón fhoireann teagaisc in Aibreán 2024 maidir le cur i bhfeidhm PFS 2023-2024 agus tá torthaí an athbhreithnithe a rinneadh ar an PFS tugtha thíos.

Idir Márta agus Aibreán 2024, rinneadh mórshuirbhé ar pháirtithe an oideachais i gColáiste Ailigh. Bailíodh eolas agus moltaí faoi reáchtáil na scoile ó na daltaí, ó na tuismitheoirí, ón fhoireann teagaisc, ón bhainistíocht agus ó bhord bainistíochta na scoile. Rinneadh scrúdú ar thorthaí na scrúduithe stáit agus ar thuairiscí a fuair an scoil i ndiaidh cigireachtaí de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Bailíodh fianaise starógach ó choistí agus ó dhaoine áirithe, leanadh treoir agus rialacháin na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus rinne éiteas na scoile agus éiteas Bhord Oideachais agus Oiliúna Chontae Dhún na nGall eolas do PFS 2024-2025. Tá sé i gceist go n-úsáidfear an fhianaise a bailíodh i mbliana do na pleannanna feabhsúcháin scoile a bheidh ann sna trí bliana amach romhainn.

Shocraigh an fhoireann teagaisc ag cruinnithe idir Aibreán agus Bealtaine 2024 ar cheithre thosaíocht do Phlean Feabhsúcháin Scoile 2024-2025: a) **tógáil ar an tacaíocht a chuirtear ar fáil do dhaltaí a bhfuil ardchumas acu;** b) **scileanna staidéir na ndaltaí a fheabhsú;** c) **cur le folláine na ndaltaí agus na múinteoirí** agus d) **tógáil ar ghníomhartha a bhí i bPFS 2023-2024 maidir leis an Ghaeilge agus difreáil.**

### 1.2 Comhthéacs na scoile

Is gaelcholáiste pobail measctha é Coláiste Ailigh atá ina scoil de chuid Bord Oideachais agus Oiliúna Chontae Dhún na nGall. Bunaíodh an scoil sa bhliain 2000 le freastal ar dhaltaí i mbaile Leitir Ceanainn agus sa cheantar máguaird ar mhaith leo a gcuid oideachais a fháil trí mheán na Gaeilge. Bhí 291 scoláire cláraithe sa scoil ar an 1 Meán Fómhair 2023. Thosaigh 53 sa Chéad Bhliain agus astu sin, tháinig 52 ón ghaelscoil áitiúil nó ó bhunscoileanna Gaeltachta. Rinne dalta amháin freastal ar bhunscoil ina ndearnadh an teagasc trí Bhéarla.

Is í an Ghaeilge príomhtheanga chumarsáide agus oibre na scoile. Cuirtear an-bhéim ar an Ghaeilge mar theanga chaidrimh na foirne, na ndaltaí agus phobal na scoile. Múintear gach ábhar trí mheán na Gaeilge (seachas na teangacha nua-iasachta) agus úsáidtear an Ghaeilge ag gach ócáid scoile taobh istigh agus taobh amuigh den scoil. Ní gaeilgeoir gach tuismitheoir agus, ar an ábhar sin, déantar cuid d’obair na scoile (cruinnithe tuismitheoirí, mar shampla) trí mheán an Bhéarla nuair is gá.

Leanann gach scoláire cúrsa trí bliana sa tSraith Shóisearach agus dhá bhliain sa tSraith Shinsearach (Gairmchlár na hArdteistiméireachta san áireamh - le tosú i Meán Fómhair 2024). Bíonn rogha ag daltaí an Idirbhliain a dhéanamh. Roghnaíonn tromlach na ndaltaí tabhairt faoi chúrsa na hIdirbhliana.

**1.3 Bailiú na Fianaise**

Idir Márta agus Aibreán 2024, rinneadh mórshuirbhé ar pháirtithe uile an oideachais i gColáiste Ailigh (féach 1.1). Chuir coistí éagsúla sa scoil agus Comhairle na nDaltaí moltaí os comhair na foirne teagaisc. Rinne na ranna éagsúla ábhair scrúdú ar thorthaí na scrúduithe stáit ina n-ábhair féin agus bailíodh eolas ó na múinteoirí i mBealtaine 2024 maidir le cur i bhfeidhm PFS 2023-2024.

## 2. Na tátail

*Seo a leanas cáilíocht an chleachtais maidir leis na trí fhothéamaí meastóireachta:*

**Torthaí Foghlaimeora**

Cuspóirí ábhair a bhaint amach

Gnóthachtáil
Dul chun cinn
Scileanna
Dearcthaí
Eolas

A. Ar an iomlán gnóthaíonn daltaí Choláiste Ailigh marcanna atá ag nó os cionn an mheáin naisiúnta i scrúduithe na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta. Breathnaítear ar an scoil mar scoil a chuireann béim ar chúrsaí acadúla.

B. Thug **95.5%** de na daltaí le fios gur mhaith leo cruthú go maith sna scrúduithe agus d'aithin **84.2%** go raibh siad freagrach as a bhfoghlaim féin. Dúirt **77.3%** go raibh sé furasta a bheith ag foghlaim i gColáiste Ailigh agus thug **80.6%** le fios go gcuidíonn na múinteoirí leo ina gcuid foghlama. Tá **70%** de na tuismitheoirí den tuairim go bhfuil dul chun cinn déanta ag a bpáistí san fhoghlaim, **13.3%** a deir nach bhfeiceann siad dul chun cinn agus **16.7%** nach bhfuil cinnte.

C. Tá straitéisí ag **96.7%** de na daltaí le heolas a aimsiú nuair nach dtuigeann siad rud sa rang (ceist ar mhúinteoir, ar chara, sa bhaile, ar an idirlíon etc). Thug **3.3%** de na daltaí le fios nach lorgaíonn siad an t-eolas muna dtuigeann siad rud.

D. Thug na múinteoirí le fios go bhfuil scóp ann chun freastal níos fearr a dhéanamh ar dhaltaí a bhfuil ardchumas acadúil acu. Thug **10%** de na tuismitheoirí le fios nach ndéanann an scoil freastal maith ar dhaltaí a bhfuil riachtanais sa bhreis acu, ach thug **93.1%** de na daltaí le fios go bhfuil a fhios acu an dóigh le cuidiú breise a lorg sa scoil.

E. D'ardaigh go leor tuismitheoirí ceisteanna faoi 'ranganna saora' nuair a bhí múinteoirí as láthair. Bhí imní orthu go raibh barraíocht tréimhsí saora ann agus go raibh sin ag cur isteach ar fhoghlaim a gcuid páistí.

F. Meastar gur féidir tuilleadh a dhéanamh chun caighdeán Gaeilge na ndaltaí a fheabhsú.

G. Léirigh na múinteoirí imní go raibh daltaí ag glacadh ábhair ar leibhéal a bhí ródhúshlánach dóibh agus gur cheart níos mó plé a bheith déanta agus ábhair a roghnú acu.

| Eispéireas Foghlama | Timpeallacht foghlama<br>Rannpháirtíocht<br>An dóigh le foghlaim a fhoghlaim | Gníomhach<br>Comhoibríoch<br>Dúshlánach<br>Inspreagadh |
|---|---|---|

A. Thug **86.7%** de na tuismitheoirí le fios go raibh a gcuid páistí sásta ar scoil agus thug **89.9%** de na daltaí go raibh siad sásta.

B. Luaigh go leor daltaí, go háirithe iad siúd a bhí sna ranganna scrúdaithe, go raibh siad faoi strus. Rinne daltaí gearán go mbíonn siad tuirseach go minic agus go mbíonn ualach róthrom obair bhaile orthu.

C. Thug **77.3%** de na daltaí le fios go raibh sé furasta a bheith ag foghlaim i gColáiste Ailigh agus dúirt **80.6%** go gcuidíonn na múinteoirí leo feabhas a chur ar a gcuid oibre.

D. Léirigh na daltaí dearcadh dearfach i dtaobh na Gaeilge. Dúirt **60.3%** go raibh sé tábhachtach í a labhairt an t-am ar fad ar scoil agus dúirt **37.2%** eile go raibh sé tábhachtach í a labhairt an chuid is mó den am ar scoil. D'aithin siad go dtugtar tacaíocht agus spreagadh dóibh an Ghaeilge a labhairt sa scoil agus luaigh siad na hiarrachtaí ar fad a rinneadh chun an Ghaeilge a spreagadh sa scoil.

E. Thug **38.9%** de na daltaí le fios go n-éistear lena nglór sa scoil, dúirt **21.5%** nach n-éistear leo agus dúirt **39.7%** nach raibh siad cinnte.

F. Bhí tuairimí measctha ann faoi obair bhaile. Ní raibh ach **45.3%** de na daltaí a dúirt go gcuidíonn sé leo rudaí a thuiscint. Na daltaí eile, ní raibh a fhios acu (**20.6%**) nó dúirt siad nár chuidigh sé leo (**34%**). Caitheann **25.5%** de na daltaí níos lú ná uair amháin ar an obair bhaile agus caitheann **44.5%** idir 1-2 uair.

G. Thug **90.3%** de na daltaí le fios gur scoil chairdiúil atá i gColáiste Ailigh. Luaigh cuid mhór tuismitheoirí agus an bord bainistíochta an t-atmaisféar cairdiúil atá sa scoil fosta.

H. Luaigh na múinteoirí gur chóir cur leis an chóras meantóireachta sa scoil. Níor ardaigh na daltaí nó na tuismitheoirí an t-ábhar seo.

I. Tá cuid mhaith den trealamh ríomhaireachta sa scoil sean go leor nó briste. Tá tionchar aige sin ar eispéireas foghlama na ndaltaí.

J. D'ardaigh roinnt daltaí agus tuismitheoirí ceisteanna maidir le soláthar spóirt agus imeachtaí seach-churaclaim na scoile, iad ag maíomh go raibh sé easnamhach.

| Cleachtas múinteoirí | Ullmhúchán don teagasc<br>Cur chuige teagaisc<br>Bainistíocht páistí<br>Measúnacht | Le cuspóir<br>Luas<br>Cuir chuige<br>Difreáil<br>Measúnú |
|---|---|---|

A. D'aithin na múinteoirí go raibh scóp ann chun feabhas a chur ar thimpeallacht foghlama na scoile.

B. Thug na múinteoirí le fios go bhfuil go leor déanta le blianta anuas chun cuidiú le daltaí a bhíonn ag streachailt nó a bhfuil riachtanais ar leith acu, ach nár tugadh aird go leor ar na daltaí a bhfuil sárchumas acadúil acu. D'aontaigh bord bainistíochta na scoile go raibh gá le haird níos mó a dhíriú orthu fosta.

C. Mothaíonn na múinteoirí go bhfuil níos mó ama de dhíth orthu fá choinne pleanáil ábhair agus pleanáil roinne.

D. Tá amanna áirithe den bhliain ann a mbíonn brú uafásach ar mhúinteoirí. D'aithin siad go bhfuil an t-ualach oibre ag méadú bliain i ndiaidh bliana agus mhothaigh siad go raibh sé ag cur isteach ar an fholláine s'acu.

E. Luaigh na múinteoirí go leor straitéisí agus moltaí chun folláine na ndaltaí agus na múinteoirí araon a fheabhsú.

## 3. Dul chun cinn a rinneadh ar spriocanna feabhsúcháin a aithníodh roimhe seo

Chuir an scoil TRÍ sprioc roimpi féin i bPlean Feabhsúcháin Scoile 2023-2024:

A. Cur leis na straitéisí difreála atá in úsáid sa scoil chun cuidiú le daltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu.
B. Tógáil ar na gníomhartha a cuireadh i bhfeidhm in 2022-2023 chun labhairt na Gaeilge a láidriú i measc na ndaltaí agus na múinteoirí.
C. Go n-úsáidfidh gach dalta sa scoil na cláir bhunúsacha *G-Suite* agus go mbeidh gléas scoile ar fáil dóibh leis sin a dhéanamh.

Chun na spriocanna sin a bhaint amach, aontaíodh ar 7 ngníomh:

**Sprioc A**

1. Ceardlann foirne a eagrú a dhíreoidh isteach ar straitéisí praiticiúla difreála.
2. Eagrófar cruinnithe roinne chomh luath agus is féidir i ndiaidh na ceardlainne a luaitear i nGníomh 1 chun ar a laghad straitéis amháin a roghnú a chuirfidh múinteoirí na Roinne i bhfeidhm leis an Chéad Bhliain.

**Sprioc B**

3. Cuirfear liosta gairid le chéile de na botúin choitianta a dhéantar agus scaipfear é ar gach múinteoir. Beidh na botúin sin le ceartú ag gach múinteoir nuair a chluineann sé ó dhaltaí iad.
4. Cuirfear nathanna cainte nó seanfhocal ar taispeáint (postaeir, scáileán etc) nó in úsáid (idirchum, fógraí etc) sa scoil chun cur le saibhreas teanga phobal na scoile.

**Sprioc C**

5. Tabharfar agus baileofar obair ar *Google Classroom* i ngach ábhar sa Chéad Bhliain uair sa mhí.
6. Úsáidfaidh gach rang-ghrúpa na ríomhairí *Chromebook* nó ríomhairí na scoile ina rang ar a laghad uair amháin i rith na bliana.

7. Déanfar taighde ar an úsáid a bhaintear as ríomhairí *Chromebook* agus taibléidí i scoileanna eile.

Eagraíodh ceardlann foirne go luath i Meán Fómhair agus cuireadh go leor straitéisí difreála os comhair na foirne. Cuireadh am ar fáil go gairid ina dhiaidh sin do gach roinn aontú ar straitéis difreála a chuirfí i bhfeidhm sna ranganna. Rinneadh an obair sin ar fad ach níor chuir ach 80% de na ranna an straitéis difreála sin in airde ar an tiomantán roinnte; bhí sé luaite sna critéir ratha go mbeadh sin déanta ag 100%. **Cé nár bhain gach roinn ábhair na critéir ratha amach, den chuid is mó, d'éirigh leis an scoil SPRIOC A a bhaint amach.**

Cuireadh liosta de na botúin choitianta le chéile ag tús na bliana, roinneadh ar na múinteoirí iad agus iarradh orthu iad a cheartú. Cuireadh scrúdú ar 30 dalta randamach i nDeireadh Fómhair agus arís i mí Aibreán. Idir an dá am, cuireadh nathanna cainte, saibhreas Gaeilge agus na leaganacha cearta de na botúin choitianta ar taispeáint timpeall na scoile. Sa scrúdú a cuireadh ar na daltaí i mí Aibreáin, bhí feabhas an-bheag le feiceáil. Níor cuireadh an teist 'líon na bearnaí', a bhí luaite sna critéir ratha do ghníomh 4 ar na daltaí. **Cé gur éirigh linn feabhas a chur ar na botúin choitianta, feabhas an-bheag a bhí ann agus as siocair nár bailíodh an t-eolas faoin tsaibhreas Gaeilge, ní féidir linn a rá ar éirigh linn SPRIOC B a bhaint amach ina iomláine.**

Bhí muid ag súil go dtabharfaidh agus go mbaileoidh 80% de mhúinteoirí na Chéad Bhliana obair ar *Google Classroom* uair sa mhí. Thug 70% le fios go ndearna siad amhlaidh ach bhí cuid múinteoirí nach raibh an Chéad Bhliain acu a d'fhreagair an cheist seo sa tsuirbhé. Bhí muid ag súil go ndéarfadh 80% de na múinteoirí gur úsáid siad ríomhairí na scoile nó na *Chromebooks* ar a laghad uair amháin sa bhliain le gach rang-ghrúpa a bhí acu. Thug 95% de na múinteoirí le fios gur tharla sin. Bhí tuairisc agus treoir le cur ar fáil do na múinteoirí maidir le húsáid ríomhairí/taibléid roimh dheireadh mhí Mhárta. Níor tharla sin. **D'éirigh leis an scoil cuid de SPRIOC C a bhaint amach ach tá obair fós le déanamh.**

## 4. Achoimre ar thátail na féinmheastóireachta scoile

**4.1** Tá **láidreachtaí** ag ár scoil sna hachair seo a leanas:

a) Tá dul chun cinn déanta ag an scoil maidir le cur chun cinn na Gaeilge taobh amuigh den rang.
b) Tá atmaisféar maith cairdiúil sa scoil, tá an chuid is mó de na ranganna beag agus tá timpeallacht na scoile thar barr.
c) Tá caidreamh maith idir na daltaí agus na múinteoirí agus is scoil pháiste-lárnach í.
d) Tá caighdeán maith teagaisc ag tarlú sa scoil agus tá foireann thiomanta inti a dhíríonn ar bharr feabhais a bhaint amach i gcúrsaí acadúla.
e) Cuirtear tacaíocht mhaith ar fáil do dhaltaí agus tá a fhios ag na daltaí cá bhfuil an tacaíocht sin ar fáil nuair atá sé de dhíth.

**4.2** Tá na hachair seo a leanas ina d**tosaíochtaí feabhsúcháin**:

- Tá obair le déanamh fós chun an Ghaeilge a spreagadh i measc na ndaltaí.
- Ba cheart níos mó gníomhaíochtaí a chur ar fáil ag am lóin agus cur leis an spórt agus na himeachtaí seach-churaclaim a chuirtear ar fáil sa scoil.
- Níl an trealamh ríomhaireachta atá sa scoil faoi láthair thar mholadh beirte.

- Tá barraíocht ‘ranganna saora’ ar fáil i gcuid de na hábhair.
- Tá scóp ann chun cur le scileanna staidéir na ndaltaí.
- Is gá aire níos fearr a thabhairt do mheabhairshláinte na múinteoirí agus na ndaltaí, go háirithe iad siúd atá sa 3ú agus sa 6ú Bliain.

**4.3** Riachtanais reachtúla agus rialachais is gá aghaidh a thabhairt orthu:

Tá gach riachtanas reachtúil agus rialachais á chomhlíonadh ag an scoil.

# Plean Feabhsúcháin Scoile Choláiste Ailigh, 2024-2025

Tá Coláiste Ailigh ag feidhmiú go maith ach aithnímid go bhfuil roinnt réimsí inar féidir linne, mar fhoireann, feabhas a chur ar ghníomhú éifeachtach na scoile.

## Spriocanna Feabhsúcháin 2024-2025

- Tógáil ar an tacaíocht a chuirtear ar fáil do dhaltaí a bhfuil ardchumas acu.
- Scileanna staidéir na ndaltaí a fheabhsú.
- Cur le folláine na ndaltaí agus na múinteoirí
- Tógáil ar ghníomhartha a bhí i bPFS 2023-2024 maidir leis an Ghaeilge agus difreáil.

## Gníomhartha a chuirfear i bhfeidhm:

**GNÍOMH 1**

| | |
|---|---|
| **Gníomh** | Cuirfear traenáil ar fáil do gach ball foirne sna dóigheanna is fearr chun cuidiú le daltaí a bhfuil ardchumas acadúil acu. |
| **Freagrach** | Foireann tacaíochta na scoile. |
| **Fráma Ama** | Roimh mhí Feabhra 2025. |
| **Critéir Ratha** | Déanfaidh 80% den fhoireann an traenáil |

**GNÍOMH 2**

| | |
|---|---|
| **Gníomh** | Cuirfidh gach roinn sa scoil taispeántas ar fáil d'obair na ndaltaí. |
| **Freagrach** | Gach roinn agus múinteoir |
| **Fráma Ama** | Clár le cruthú ag tús Mheán Fómhair ag gach roinn agus iad le bheith ar taispeáint go poiblí i rith na scoilbhliana. |
| **Critéir Ratha** | Eagróidh gach roinn ábhair sa scoil taispeántas. |

**GNÍOMH 3**

| | |
|---|---|
| **Gníomh** | Eagróidh na hoidí ranga/ceann bliana ceardlann leis na daltaí ina mbliainghrúpa bunaithe ar an 4-5 leathanach d'acmhainní maidir le scileanna staidéir atá sa dialann scoile, 'spriocthorthaí bliana' san áireamh. |
| **Freagrach** | Na hoidí ranga, na cinn bhliana agus na múinteoirí OSPS. |
| **Fráma Ama** | Meán Fómhair 2024 - Nollaig 2024 |
| **Critéir Ratha** | Cuirfear suirbhé ar na daltaí sna ranganna OSPS roimh an Nollaig. Tabharfaidh 70% de na daltaí le fios go bhfuil siad ag baint úsáid as na hacmhainní sa dialann. |

**GNÍOMH 4**

| | |
|---|---|
| **Gníomh** | Eagróidh gach múinteoir ábhar rang amháin le gach rang atá aige ar an dóigh is éifeachtaí chun staidéar a dhéanamh ina ábhar féin. |
| **Freagrach** | Gach múinteoir |
| **Fráma Ama** | Le bheith déanta roimh bhriseadh lár téarma na Samhna, 2024. |
| **Critéir Ratha** | Tabharfaidh 80% de na múinteoirí le fios i suirbhé go bhfuil sin déanta acu. |

**GNÍOMH 5**

| | |
|---|---|
| **Gníomh** | Cuirfear suirbhé ar na múinteoirí ag tús na scoilbhliana maidir le folláine na múinteoirí. Bunaithe ar an tsuirbhé sin, dearfar clár chun imeachtaí a eagrú a chuirfidh le folláine fhoireann Choláiste Ailigh. |
| **Freagrach** | Coiste folláine le moltaí a ghlacadh agus clár a dhéanamh. An fhoireann a eagróidh imeachtaí. |
| **Fráma Ama** | Meán Fómhair 2023 - Aibreán 2025 |
| **Critéir Ratha** | Cuirfear suirbhé ar na múinteoirí in Aibreán/Bealtaine 2025 agus tabharfaidh 60% le fios go raibh siad páirteach sna himeachtaí folláine. |

**GNÍOMH 6**

| | |
|---|---|
| **Gníomh** | Eagrófar turas nó ócáid amháin shóisialta don 3ú agus don 6ú Bliain i rith na scoilbhliana. |
| **Freagrach** | Bliainmhúinteoirí agus oidí ranga na 3ú agus na 6ú Bliana. |
| **Fráma Ama** | An 6ú Bliain sa chéad téarma agus an 3ú Bliain díreach i ndiaidh na dtriailscrúduithe. |
| **Critéir Ratha** | Glacfaidh tromlach na ndaltaí sa 3ú agus sa 6ú Bliain páirt sna hócáidí/turais. |

**GNÍOMH 7**

| | |
|---|---|
| **Gníomh** | Eagrófar club lóin/gníomhaíochtaí ag am lóin do na daltaí, le béim ar leith ar spreagadh na Gaeilge taobh amuigh den tseomra ranga. |
| **Freagrach** | Cuirfidh Helen suirbhé ar na daltaí faoi na rudaí ba mhaith leo a dhéanamh agus déanfaidh sí anailís ar na torthaí. Socróidh an fhoireann ar fad imeachtaí cuí agus socrófar feitheoireacht. Cuirfidh an fhoireann tacaíochta clár míosúil de na gníomhaíochtaí le chéile agus roinnfear ar na tuismitheoirí é. |
| **Fráma Ama** | Suirbhé ar na daltaí agus anailís ar na torthaí le bheith déanta faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair. Cruinniú foirne le himeachtaí agus feitheoireacht a shocrú le bheith déanta faoin tsos lár téarma. Clár míosúil le bheith roinnte ar na tuismitheoirí ar bhonn leanúnach i rith na scoilbhliana. Club lóin le bheith ar siúl idir 1.30-1.50. |
| **Critéir Ratha** | Glacfaidh ar a laghad 10% de na daltaí in achan bhlianghrúpa páirt sna himeachtaí. Síneoidh gach dalta a bheidh páirteach liosta rannpháirtíochta chun é seo a mheas. |

**GNÍOMH 8 (ar lean ó PFS 2023-24)**

| | |
|---|---|
| **Gníomh** | An straitéis difreála a chuir gach roinn i bhfeidhm leis an Chéad Bhliain anuraidh, cuirfidh siad i bhfeidhm leis an Chéad agus an Dara Bliain é, go háirithe i gcúrsaí measúnaithe. |
| **Freagrach** | Gach roinn ábhair agus gach múinteoir sa scoil. |
| **Fráma Ama** | Meán Fómhair 2024 - Bealtaine 2025 |
| **Critéir Ratha** | Tabharfaidh gach múinteoir le fios i suirbhé go bhfuil an straitéis a d'uaslódáil an roinn s'acu chuig an tiomántán roinnte in Eanáir 2024 in úsáid i ranganna na Chéad agus na Dara Bliana. |

**Dátaí athbhreithnithe**

Cuirfear ceistneoir/seicliosta chuig gach múinteoir i mí Feabhra/Márta 2025 chun tuairimí agus aiseolas a fháil agus chun cuidiú le hathbhreithniú.

Déanfar athbhreithniú iomlán ar an phlean seo in Aibreán 2025.

# Aguisín 1

## Seicliosta Reachtaíochta agus Rialála

| Saincheist | Reachtaíocht, riail nó imlitir chuí | An bhfuil an scoil ag comhlíonadh cheanglais na reachtaíochta, rialach nó imlitreach cuí? | | | Mura bhfuil, luaigh nithe is gá a fhorbairt |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 2021-22 | 2022-23 | 2023-24 | |
| Clárú bailí daltaí | M51/93 | Tá | Tá | Tá | |
| Am sa scoil<br>- Fad na scoilbhliana (íosmhéid 166 lá do gach bliainghrúpa)<br>- Fad na scoilseachtaine (íosmhéid 28 uair an chloig do gach bliainghrúpa) | Imlitir M29/95 | Tá<br>Tá | Tá<br>Tá | Tá<br>Tá | |
| Caighdeánú na scoilbhliana | Ciorclán 034/2011 | Tá | Tá | Tá | |
| Socruithe do chruinnithe idir múinteoirí agus tuismitheoirí agus cruinnithe foirne | Imlitir M58/04 | Tá | Tá | Tá | |
| Straitéis Náisiúnta Litearthachta a chur i bhfeidhm | Ciorclán 25/12 | Tá | Tá | Tá | |
| Comhaontú Pháirc an Chrócaigh i dtaca le ceanglas an ama bhreise a chur i ngníomh | Ciorclán 025/2011 | Tá | Tá | Tá | |
| Plean Scoile a chur le chéile | Alt 21 den Acht Oideachais 1998 | Tá | Tá | Tá | |
| Soláthar treorach i scoileanna dara leibhéal | Imlitir PPT12/05, An tAcht Oideachais 1998 (alt 9(c)) | Tá | Tá | Tá | |
| Plean treorach na scoile uile | Alt 21 den Acht Oideachais 1998 | Tá | Tá | Tá | |
| OSSP a sheachadadh ar gach rang sa tsraith shóisearach | Imlitir M12/01 Imlitir M13/05 | Tá | Tá | Tá | |
| Díolúine ar staidéar ar an Ghaeilge | Imlitir M1 0/94 | N/B | N/B | N/B | Ní bhaineann le hábhar |
| Struchtúir athbhreithnithe bainistíochta inscoile a chur i ngníomh | Imlitir M29/02, Imlitir 21/98, Imlitir 30/97, Imlitir 29/97 | Tá | Tá | Tá | |
| Maolú srianta ar phoist freagrachta a líonadh don scoilbhliain 2011/12 | Ciorclán 53/11 | N/B | N/B | N/B | Ní bhaineann le hábhar |
| Comhaontú seirbhíse poiblí (Páirc an Chrócaigh) - cúntóirí riachtanas speisialta | Ciorclán 71/11 | Tá | Tá | Tá | |
| Tuismitheoirí ina gcomhpháirtithe san oideachas | Imlitir M27/91 | Tá | Tá | Tá | |

| Saincheist | Reachtaíocht, riail nó imlitir chuí | An bhfuil an scoil ag comhlíonadh cheanglais na reachtaíochta, rialach nó imlitreach cuí? | | | Mura bhfuil, luaigh nithe is gá a fhorbairt |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 2021-22 | 2022-23 | 2023-24 | |
| Nósanna imeachta cosanta leanaí a chur i ngníomh | Imlitir 65/11 | Tá | Tá | Tá | |
| | Eolas i dtaca le cosaint leanaí | | | | |
| | • Líon na gcásanna ar chuir an Teagmhálaí Ainmnithe (TA) tuairisc i dtaca le leanbh sa scoil faoi bhráid Fheidhmeannacht na Seirbhísí Slainte (FSS) | 1 | 0 | 1 | |
| | • Líon na gcásanna ar chuir an TA tuairisc i dtaca le leanbh sa scoil faoi bhráid FSS agus gur cuireadh an bord bainistíochta ar an eolas faoi | 1 | 0 | 1 | |
| | • Líon na gcásanna ar lorg an TA comhairle ó FSS agus nach ndearnadh aon tuairisc de bhun na comhairle sin | 2 | 1 | 0 | |
| | • Líon na gcásanna ar lorg an TA comhairle ó FSS agus nach ndearnadh aon tuairisc de bhun na comhairle sin agus gur cuireadh an bord bainistíochta ar an eolas faoi | 0 | 0 | 0 | |
| Nósanna imeachta chun gearán a dhéanamh a chur i bhfeidhm mar is cuí | Alt 28 den Acht Oideachais 1998 | | | | |
| | Eolas i dtaca le gearáin a rinne tuismitheoirí i rith na scoilbhliana. | | | | |
| | • Líon na ngearán oifigiúil a rinne tuismitheoirí<br>• Líon na ngearán oifigiúil a próiseáladh<br>• Líon na ngearán oifigiúil nár próiseáladh ina n-iomláine faoi dheireadh na scoilbhliana seo | 0<br>0<br>0 | 0<br>0<br>0 | 1<br>1<br>1 | |
| Diúltú do chlárú | Alt 29 den Acht Oideachais 1998 | | | | |
| | Eolas i dtaca le hachomhairc a rinneadh de réir Alt 29 in éadan na scoile i rith na scoilbhliana seo | | | | |
| | • Líon na gcásanna a tógadh in éadan na scoile faoi Alt 29 | 0 | 0 | 0 | |
| | • Líon na gcásanna a próiseáladh ag céim neamhfhoirmiúil<br>• Líon na gcásanna a éistíodh<br>• Líon na n-achomharc a ceadaíodh<br>• Líon na n-achomharc ar diúltaíodh dóibh | 0<br>0<br>0<br>0 | 0<br>0<br>0<br>0 | 0<br>0<br>0<br>0 | |
| Daltaí a chur ar fionraí | Alt 29 den Acht Oideachais 1998 | | | | |
| | Eolas i dtaca le hachomhairc a rinneadh de réir Alt 29 in éadan na scoile i rith na scoilbhliana seo. | | | | |
| | • Líon na gcásanna a tógadh in éadan na scoile faoi Alt 29<br>• Líon na gcásanna a próiseáladh ag céim neamhfhoirmiúil<br>• Líon na gcásanna a éistíodh<br>• Líon na n-achomharc a ceadaíodh<br>• Líon na n-achomharc ar diúltaíodh dóibh | 0<br>0<br>0<br>0<br>0 | 0<br>0<br>0<br>0<br>0 | 0<br>0<br>0<br>0<br>0 | |
| Daltaí a dhíbirt ón scoil | Alt 29 den Acht Oideachais 1998 | | | | |
| | Eolas i dtaca le hachomhairc a rinneadh de réir Alt 29 in éadan na scoile i rith na scoilbhliana seo | | | | |
| | • Líon na gcásanna a tógadh in éadan na scoile faoi Alt 29<br>• Líon na gcásanna a próiseáladh ag céim neamhfhoirmiúil<br>• Líon na gcásanna a éistíodh<br>• Líon na n-achomharc a ceadaíodh<br>• Líon na n-achomharc ar diúltaíodh dóibh | 0<br>0<br>0<br>0<br>0 | 0<br>0<br>0<br>0<br>0 | 0<br>0<br>0<br>0<br>0 | |

# Aguisín 2

## Seicliosta Polasaithe

| Polasaí | Foinse | Ceadaithe ag an Bhord Bhainistíochta? | Muna bhfuil, cad iad na gnéithe atá le forbairt? |
|---|---|---|---|
| **Polasaí rollaithe** | *Alt 15 (2) (d) An tAcht Oideachais, 1998* | Tá | |
| **Cód iompair, polasaí frithbhulaíochta san áireamh.** | *Imlitir 20/90*<br>*Treoirlínte na Roinne Oideachais ar Iompar Bulaíochta a chosc, 1993*<br>*Treoirlínte BNLO*<br>*Alt 23, An tAcht Leasa Oideachais 2000* | Tá | |
| **Straitéis tinrimh agus Rannpháirtíochta.** | *Alt 22, An tAcht Oideachais (Leas) 2000*<br>*Achtanna um Stádas Comhionann 2000 - 2011* | Tá | |
| **Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta** | *Alt 20, An tAcht Sláinte agus Sábháilteachta, 2005* | Tá | |
| **Cosaint Sonraí** | *An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988*<br>*An tAcht um Chosaint Sonraí (Acht Leasaithe), 2003* | Tá | |
| **Polasaí maidir le riachtanais speisialta oideachais.** | *An tAcht Oideachais, 1998*<br>*Achtanna um Stádas Comhionann (2000 – 2011)*<br>*An tAcht Oideachais (Leas), 2000*<br>*An tAcht um Oideachas do dhaoine le riachtanais speisialta oideachais (EPSEN), 2004*<br>*An tAcht Míchumais, 2005* | Tá | |
| **Polasaí don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta** | *Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta: Treoirlínte Polasaí (1997)* | Tá | |
| **Polasaí maidir le cosaint leanaí** | *Imlitir 0065/2011* | Tá | |
| **Tuismitheoirí mar chomhpháirtithe** | *Imlitir 24/91* | Tá | Gach dualgas á chomhlíonadh |
| **Polasaí Staidéir** | | Tá | |
| **Polasaí Gaeilge** | | Tá | |
| **Polasaí Teagmhais Chriticiúla** | | Tá | |
| **Polasaí Curaclam Breise** | | Tá | |
| **Polasaí Gearáin** | | Tá | |
| **Polasaí Measúnaithe** | | Tá | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Comhaontú na seirbhíse poiblí (Páirc an Chrócaigh) – cúntóirí riachtanais speisialta.** | | Níl | Ag cloí leis ach níl aon pholasaí scríofa ann. |
| **Polasaí OSPS** | | Níl | Dréachtpholasaí ann nach bhfuil ceadaithe ina iomláine ag an bhord go fóill. |
| **Polasaí Teagasc Críostaí** | | Níl | Dréachtpholasaí ann nach bhfuil ceadaithe ina iomláine ag an bhord go fóill. |
| **Plean Freagartha Covid-19** | | Tá | Ní bhaineann le hábhar a thuilleadh |
| **Polasaí Obair Bhaile** | | Níl | Mar chuid den pholasaí úr ‘Cód Iompar Dearfach’ |

# Coláiste Ailigh - School Self-Evaluation, 2023-2024

## *Summary of findings*

Every year the school undertakes a process of self-evaluation in order to ascertain strengths and weaknesses in the school, especially in the area of learning and teaching. Information is gathered and analysed and based on that information, the school agrees a School Improvement Plan (SIP) for the following school year. This plan seeks to build on strengths and improve on weaknesses.

As of 1 September 2024, there were 291 pupils in Coláiste Ailigh. 53 students started in First Year and, apart from one student, all of those attended a gaelscoil or a national school in a Gaeltacht area.

## Gathering of information & Self-evaluation

In March-April 2024, a major survey of all the education partners in Coláiste Ailigh was carried out and a report on the findings was prepared. Examination results and inspectorate reports were examined, feedback on previous SIPs was sought and anecdotal evidence was collected from individuals and school committees. All of this was informed by the school's ethos and the ethos of Donegal ETB. A further survey will be undertaken during the 2026-2027 school year which will inform School Improvement Plans for the following three years.

This information was discussed and examined in subcommittees and strengths and weaknesses in Coláiste Ailigh were identified. Based on this a SIP was developed to build on strengths and to address weaknesses. It was decided that the SIP and the focus for school self-evaluation for 2024-2025 would concentrate on three areas: a) **building on the support given to students who have high academic ability**; b) **improving students' study skills**; c) **bringing in measures to improve the wellbeing of both students and teachers** and d) **building on the measures introduced last year to encourage the use of Irish and also to further expand the use of differentiation in classes.** The SIP can be found on pages 7-8 of this document. It seeks to address the above issues and build on established good practice.

## Progress in previously identified improvement goals

In the School Improvement Plan 2023-2024, three goals were identified:

1. To build on the differentiation strategies in use in the school in order to help students with additional needs. **Although not every subject department succeeded in implementing these strategies, 80% did.**
2. To build on the actions taken last year to strengthen the use of Irish in the school. **A slight improvement was seen in common mistakes amongst students. We were unable to say if there was an improvement in vocabulary. There is scope for further improvement here.**
3. That every student would be able to use the basic *G-Suite* programmes and that they would be provided with equipment to do so. **This goal was achieved.**

## Summary of the conclusions:

The following were identified as strengths:

a) The school has made progress in the promotion of Irish outside the classroom.

b) There is a friendly atmosphere in the school, most of the classes are small and the school environment is excellent.
c) There is a good relationship between the teachers and the students and the school is child-centered.
d) There is a high standard of instruction in the school and the staff are driven to achieve academic excellence.
e) There is a good support system in place for students and students know where to access it when necessary.

The following were identified as areas of possible improvement:

a) There is still more work to be done to encourage and improve the use of Irish in school.
b) It is desirable that more activities are provided at lunchtime and that sport and extra-curricular activities are expanded.
c) The computer equipment in school is in need of upgrading.
d) There are too many ‘free classes’ in some subjects.
e) There is scope to improve students’ study skills.
f) There is a need to be attentive to the mental health and wellbeing of teachers and students.

Aguisín 1 (Appendix 1) is a list of the legislative and regulatory requirements to which the school adheres.

Aguisín 2 (Appendix 2) is a list of school policies.